RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/470 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Márta 2022

lena ndeonaítear cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach muiceola agus lena socraítear méid na cabhrach roimh ré

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 18(2) agus Airteagal 223(3), pointe (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta ([2]), agus go háirithe Airteagal 4(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le roinnt míonna tá deacrachtaí móra ag earnáil na muiceola. Tá an mhoill mhór ar onnmhairí chuig an tSín, leathnú fhiabhras Afracach na muc chuig níos mó Ballstát agus tionchar leanúnach na srianta COVID-19 ina gcúis le brú ar mhargadh an Aontais le haghaidh sléachtmhuc.

(2) De thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá suaitheadh breise sa mhargadh agus d'imir sin tionchar mór ar onnmhairí muiceola an Aontais. Dá thoradh sin, tá laghdú mór tagtha ar an éileamh ar onnmhairiú táirgí muiceola áirithe.

(3) Chun an mhíchothromaíocht i ndáil le soláthar-éileamh atá ann faoi láthair a laghdú, is iomchuí cabhair a dheonú do stóráil phríobháideach muiceola agus méid na cabhrach a shocrú roimh ré.

(4) Maidir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 ón gCoimisiún ([3]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún ([4]), Rialacháin lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme na cabhrach le haghaidh stóráil phríobháideach, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis an gcabhair le haghaidh stóráil phríobháideach muiceola ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

(5) Ba cheart méid na cabhrach a shocrú roimh ré ionas go bhféadfaidh córas oibríochtúil atá tapa agus solúbtha a bheith ann do na hoibreoirí. I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013, tá méid na cabhrach le socrú ar bhonn na gcostas stórála agus gnéithe ábhartha margaidh eile. Is iomchuí ráta cabhrach seasta a shocrú.

(6) Chun go mbeidh cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach éifeachtach agus go mbeidh fíorthionchar aici ar an margadh, níor cheart an chabhair a dheonú ach amháin le haghaidh na dtáirgí nár cuireadh i stóráil go fóill.

(7) Chun bainistiú an bhirt a éascú, ba cheart na táirgí muiceola a aicmiú i gcatagóirí de réir cosúlachtaí maidir le leibhéal an chostais stórála.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 346, 20.12.2013, lch. 12.
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach (IO L 206, 30.7.2016, lch. 15).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil phoiblí agus cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach (IO L 206, 30.7.2016, lch. 71).

(8) Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus simpliú riaracháin, ba cheart méid íosta na dtáirgí atá le cumhdach ag gach iarratas a shocrú.

(9) Ba cheart urrús a shocrú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí a n-oibleagáidí conarthacha agus go mbeidh an éifeacht inmhianaithe ag an mbeart ar an margadh.

(10) Foráiltear le hAirteagal 42(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240 go gcuirfidh na Ballstáit iarratais inghlactha in iúl don Choimisiún uair sa tseachtain. Chun trédhearcacht, faireachán agus riaradh cuí a áirithiú i dtaca leis na méideanna atá ar fáil don chabhair, tá gá le fógraí níos minice chun an scéim a bhainistiú go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar mhinicíocht an fhógra.

(11) Ionas go n-imreofar tionchar ar an margadh láithreach agus chun rannchuidiú le praghsanna a chobhsú, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach muiceola dá dtagraítear in Airteagal 17, an chéad mhír, pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 agus ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

Airteagal 2

Táirgí cáilithe

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn liosta na gcatagóirí táirgí atá incháilithe chun cabhair a fháil agus na méideanna ábhartha cabhrach le haghaidh tréimhse stórála.

2. Ní dheonófar cabhair ach le haghaidh cainníochtaí feola úire nó fuaraithe nár cuireadh i stóráil go fóill.

Airteagal 3

Iarratais a chur isteach

1. Iarratais ar chabhair le haghaidh stóráil phríobháideach i dtaca leis na catagóirí táirgí atá incháilithe don chabhair a leagtar amach san Iarscríbhinn, féadfar iad a thaisceadh ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar aghaidh. Is é an 29 Aibreán 2022 an dáta deiridh le hiarratas a chur isteach.

2. Bainfidh iarratais le tréimhse stórála de 60, 90, 120 nó 150 lá.

3. Le gach iarratas, ní dhéanfar tagairt ach do cheann amháin de na catagóirí táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn, agus léireofar an cód AC ábhartha laistigh de gach catagóir.

4. Cuimseoidh gach iarratas íoschainníocht 10 dtona ar a laghad le haghaidh táirgí díchnámhaithe agus 15 thona le haghaidh táirgí eile.

Airteagal 4

Slándáil

Méid an urrúis is gá i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1238 agus iarratas ar chabhair le haghaidh stóráil phríobháideach á chur isteach, beidh sé cothrom le 20 % de na méideanna cabhrach a leagtar amach i gcolúin 3 go 6 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Minicíocht na bhfógraí maidir leis na cainníochtaí dár cuireadh isteach iarratas

De mhaolú ar an minicíocht a leagtar síos in Airteagal 42(1), pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1240, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún dhá uair sa tseachtain maidir leis na cainníochtaí dár cuireadh isteach iarratais ar chonarthaí a thabhairt i gcrích, mar a leanas:

(a) faoi 12.00 Dé Luain (am na Bruiséile), na cainníochtaí dár cuireadh isteach iarratais Déardaoin agus Aoine na seachtaine roimhe sin;

(b) faoi 12.00 Déardaoin (am na Bruiséile), na cainníochtaí dár cuireadh isteach iarratais Dé Luain, Dé Máirt agus Dé Céadaoin na seachtaine céanna.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Catagóirí táirgí	Táirgí a ndeonaítear cabhair ina leith	Méid na cabhrach le haghaidh na tréimhse stórála (EUR/tona)			
		60 lá	90 lá	120 lá	150 lá
1	2	3	4	5	6
Catagóir 1 ex 0203 11 10	Cliatháin gan an chrúb thosaigh, an t-eireaball, an duán, an scairt thanaí agus corda an drom-laigh (1) Conablaigh iomlána ainmhithe suas le 20 kg	270	286	301	317
Catagóir 2 ex 0203 12 11 ex 0203 12 19 ex 0203 19 11 ex 0203 19 13	Liamhása Guaillí Leatha tosaigh Luain, bídís le leath an mhuiníl nó ná bídís, nó leatha muiníl ceann ar ceann, luain, bídís leis an bpunt nó ná bídís (2) (3)	326	341	357	372
Catagóir 3 ex 0203 19 55	Cosa, guaillí, leatha tosaigh, luain, bídís le leath an mhuiníl nó ná bídís, nó leatha muiníl ceann ar ceann, luain, bídís leis an bpunt nó ná bídís, iad díchnámhaithe (2) (3)	377	392	407	423
Catagóir 4 ex 0203 19 15	Boilg, iad iomlán nó bearrtha le gearradh dronuilleogach	282	297	313	327
Catagóir 5 ex 0203 19 55	Boilg, iad iomlán nó bearrtha le gearradh dronuilleogach, gan seithe agus easnacha	348	361	375	389
Catagóir 6 ex 0203 19 55	Gearrthacha a chomhfhreagraíonn do "bhagúin láir", bídís leis an tseithe nó an tsaill, nó ná bídís, iad díchnámhaithe (4)	279	293	306	320
Catagóir 7 ex 0209 10 11	Saill fho-chraicneach mhuice, bíodh sí leis an tseithe nó ná bíodh (5)	157	168	180	190

(1) Is féidir an chabhair a dheonú freisin le haghaidh cliatháin a chuirtear i láthair mar thaobhanna "Wiltshire", i.e. gan an ceann, an leiceann, an geolbhach, na croibh, an t-eireaball, an bhlonag, an duán, an luan bog, an slinneán, an steirneam, an colún veirteabrach, an chnámh pheilbheach agus an scairt.

(2) Féadfaidh luain agus leatha muiníl a bheith leis an tseithe nó gan í ach ní fhéadfaidh an tsraith ghreamaitheach shaille a bheith níos mó ná 25 mm ar doimhneacht.

(3) Féadfaidh an chainníocht a conraíodh aon teaglaim de na táirgí dá dtagraítear a chumhdach.

(4) An cur i láthair céanna le cur i láthair na dtáirgí a thagann faoin gcód AC 0210 19 20.

(5) Fíochán sailleach úr a bhailíonn faoi sheithe na muice agus a ghreamaíonn di, gan beann ar an gcuid den mhuc as a dtagann sí; i gcás ina gcuirtear i láthair í leis an tseithe, ní mór meáchan an fhíocháin shailligh a bheith níos mó ná meáchan na seithe.